

*An Ghaeltacht a bheith mar áit ina bhfuil pobail rathúla inbhuanaithe, agus arb í an Ghaeilge príomhtheanga an phobail ann.*

**Plean Straitéiseach Údarás Na Gaeltachta 2021-25**

**Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir**

# Clár Ábhar

	Lch
1. Réamhrá	3
2. Forbhreathnú ar Chonamara Láir	4
3. Anailís SCOT	5
4. Ról Údarás Na Gaeltachta	6
5. Ról Forbairt Chonamara Láir Teo.	7
6. Cuspóirí an Phlean	8
7. Comhtháthú le tacaíochtaí Stáit eile	9
8. Cuspóir 1   Teanga, Cultúr agus na hEalaíona	10
9. Cuspóir 2   Turasóireacht	14
10. Cuspóir 3   Fiontar/ Fiontar Sóisialta	18
11. Cuspóir 4   An Ghaeltacht Ghlas	22
12. Cuspóir 5   Seirbhísí agus Bonneagar	27
13. Cuspóir 6   Oiliúint agus Oideachas	32
14. Cuspóir 7   Margaíocht	36
15. Ráitis deiridh	39
Aguisíní (agallaimh le páirtithe leasmhara / athbhreithniú doiciméad / suirbhé)	40

# Réamhrá agus cuspóirí an phlean seo

Tá Conamara Láir láidir ó thaobh na Gaeilge, an chultúir thraidisiúnta agus na hoidhreachta traidisiúnta de agus tá sé faoi réir go leor forbairtí nua, a mbeidh tionchar bunathraitheach acu ar an gceantar.

Tá ról lárnach ag Forbairt Chonamara Láir Teo. (FCL) mar an chuideachta forbartha áitiúil maidir leis an gceantar a mhúnlú agus tacaíocht a thabhairt don cheantar. Trína naisc le páirtithe leasmhara poiblí, príobháideacha agus pobail, éascaíonn an Comharchumann cúrsaí, déanann sé cumarsáid, nascann sé agus bíonn tionchar aige.

Mar ullmhúchán don phlean seo agus le tacaíocht ó chomhairleoir seachtrach, lorg FCL Teo. aiseolas ó dhaoine aonair, ó phobail agus ó eagraíochtaí agus bailíodh a gcuid smaointe agus moltaí trí fhoinsí éagsúla lena n-áirítear:

- Athbhreithniú ar phleananna, doiciméid agus taighde atá ann cheana a bhaineann leis an gceantar
- Cruinnithe poiblí a tionóladh i ngach ceann de na sé príomhionad paróiste i mí na Samhna 2022
- Suirbhé ar líne agus suirbhé ar chóipeanna crua a dáileadh i mí Eanáir 2023
- Agallaimh duine le duine le príomhpháirtithe leasmhara le linn Eanáir agus Feabhra 2023


Bhí torthaí gach cineál taighde comhsheasmhach agus, cé go bhfuil dúshláin ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu, léiríonn an plean scála fíor-dhearfach uailmhéine atá ag páirtithe leasmhara Chonamara Láir dá dtodhchaí.

Tugann an plean breac-chuntas ar an acmhainneacht agus na deiseanna atá os comhair an phobail áitiúil agus cuireann sé moltaí praiticiúla i láthair maidir le conas is féidir an uailmhian a bhaint amach. Éileoidh forbairt Chonamara Láir amach anseo ionchur leanúnach raon eagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus pobail chomh maith le hobair chrua leanúnach, tiomantas agus paisean a chónaitheoirí. Is í an ghné is tábhachtaí den ionchur sin ná go ndéanfaí é a chomhordú agus beidh an plean seo mar threoir do chur chuige comhoibríoch lena chinntiú gur féidir na 37 sprioc agus 98 toradh a sheachadadh go rathúil trí 121 gníomh atá leagtha amach.

# Conamara Láir – forbhreathnú

Tá Conamara Láir suite i lár Chonamara, idir an chuid thuaidh den réigiún ina labhraítear Béarla agus an limistéar níos faide ó dheas a shíneann siar ó Chathair na Gaillimhe. Cuimsíonn sé na 6 príomhionad paróiste Caiseal, Camus, Carna, Cill Chiaráin, Sraith Salach agus Ros Muc.

Ó Dhaonáireamh 2022, meastar go bhfuil an daonra iomlán 2,985 nuair a choigeartaítear é do dhéanaithe ón Úcráin a thosaigh ag cur fúthu sa cheantar dhá oíche sular taifeadh sonraí an Daonáirimh. Is méadú measta 1.7% é seo agus cé go bhfuil sé íseal i gcomparáid le ceantair Ghaeltachta eile is cúlú suntasach é ar an titim -6.7% ar an daonra a taifeadh idir 2011 agus 2016. Is ábhar misnigh é seo agus, cé nach bhfuil staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh ar fáil fós chun cúiseanna leis an méadú a dhearbhu, tá sé réasúnta glacadh leis go raibh tionchar dearfach ag cleachtais chianoibre ar imirce isteach; go leanfaidh sé seo de bheith ina fhachtóir i bhfás an daonra sna cúig bliana amach romhainn



Tá acmhainní oideachais maithe i gConamara Láir le ceithre sheirbhís réamhscoile, ocht mbunscoil agus dhá mheánscoil. Cuireann rannóg an Acadaimh in Ollscoil na Gaillimhe cúrsaí oideachais tríú leibhéal ar fáil d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe lánaimseartha. Cuireann GRETB cúrsaí oideachais aosaigh agus leanúnacha ar fáil freisin ag ionaid i Ros Muc, Glinsce agus Caiseal. Tá ceithre Choláiste Samhraidh sa cheantar a chuireann fáilte roimh beagnach 2,000 scoláire Gaeilge gach bliain.

I measc na bpríomhearnálacha fostaíochta tá Údarás na Gaeltachta, cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ón rialtas, seirbhísí mara agus turasóireacht. Tá taifead déanta ar an gceantar, áfach, mar “ceantar ard-dífhostaíochta” agus tá iarrachtaí chun deiseanna forbartha gairme a mhéadú mar thosaíocht sa phlean seo. Beidh an fás ar chianobair ríthábhachtach do Chonamara Láir agus táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an bhfás seo mar aon le roinnt forbairtí atá le teacht sa cheantar, ar an dífhostaíocht amach anseo.

Tá an earnáil phobail agus dheonach an-láidir i gConamara Láir agus tá thart ar 80 grúpa pobail ag soláthar seirbhísí tacaíochta ar fud an réigiúin. Mar is amhlaidh le go leor eagraíochtaí pobail, is cohórt atá ag dul in aois iad oibrithe deonacha, rud a chruthaíonn dúshlán don todhchaí agus a bhfuil sé mar aidhm ag an bplean aghaidh a thabhairt air.

Ar na sócmhainní is mó atá ag Conamara Láir tá a muintir agus a dtiomantas don Ghaeilge, don chultúr agus don oidhreacht thraidisiúnta. Tá cáil air mar cheann de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír, in ainneoin an dúshláin a bhaineann le dhá cheantar chatagóir C a bheith laistigh den réigiún iomlán. Tá tuiscint i measc dhaonraí áitiúla ar a ngné uathúil díolacháin agus tá siad meáite ar a fhad saoil a chinntiú amach anseo.

# Conamara Láir – Láidreachtaí, Dúshláin, Deiseanna, Bagairtí (SCOT)

Láidreachtaí	Dúshláin
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ceann de na Gaeltachtaí is láidre maidir le caomhnú na teanga</li> <li>Comharchumann láidir, atá leabaithe go hiomlán sa phobal áitiúil</li> <li>80 grúpa pobail deonach</li> <li>Tá roinnt ealaíontóirí cultúir thraidisiúnta clúiteacha ann, a bhfuil saineolas ar leith acu ar an sean-nós</li> <li>Daonra óige réasúnta láidir</li> <li>Conairí nua siúil a forbraíodh agus/nó atá á bhforbairt</li> <li>Oidhreacht iascaireachta</li> <li>Ceann de na chéad Limistéir Pleanála Teanga a bunaíodh sa tír</li> <li>Cistiú ceadaithe d'Ionad Cuimhneacháin na nImirceach chun Ionad Léirithe fhorbairt</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Daonra áitiúil ag fáil cead pleanála chun an chéad ghlúin eile a thógáil sa cheantar</li> <li>Bonneagar neamhleor</li> <li>Tacaíocht fho-optamach ón Údarás Áitiúil</li> <li>Cohórt oibríthe deonacha atá ag dul in aois agus dúshláin maidir le hoibríthe deonacha níos óige a mhealladh</li> <li>Beochantóirí agus oiliúnóirí a fhoinsiú le haghaidh clár</li> <li>Limistéar geografach réasúnta mór agus deiseanna ann do chomhoibriú áitiúil níos fearr</li> </ul>
Deiseanna	Bagairtí
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ciste Infreastruchtúr na Gaeltachta a thabhairt isteach in athuair</li> <li>Méadú ar imirce isteach, ag tabhairt scileanna nua leis</li> <li>Rochtain ar oibríthe deonacha nua a bhfuil scileanna nua acu</li> <li>Forbairt ar ghlasbhealach agus gormbhealach</li> <li>Infheistíocht phríobháideach isteach sa cheantar i roinnt earnálacha chun deiseanna do ghairmeacha fadtéarmacha a mhéadú</li> <li>Fás i gcultúr na cianoibre</li> <li>Infheistíocht Rialtais chun cabhrú le lorg carbóin a laghdú</li> <li>Sineirgí leis an gClochán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ní thugtar aghaidh ar bhánú daonra agus bagairtí tubaisteach ar an teanga agus ar an gcultúr dá bharr</li> <li>Eisimirce</li> <li>Gan Ciste Infreastruchtúr na Gaeltachta a thabhairt isteach in athuair</li> <li>Cailliúint oifigeach pleanála teanga i ndiaidh 2025</li> <li>Srianta Cead Pleanála do Thithe Tuaithe Aonair ar Thailte Teaghlaigh</li> <li>Síneadh ar Chead Pleanála d'fhorbairt Gnólachtaí i gceantar tuaithe/Fostaíocht/Gairmeacha beatha</li> <li>Easpa Seirbhísí Riachtanacha Áitiúla</li> </ul>

# Ról Údarás na Gaeltachta maidir le tacú leis an scéim seo

Tá an plean gníomhaíochta seo ag teacht go hiomlán leis an straitéis Ghaeltachta atá leagtha amach ag Údarás na Gaeltachta. Tá sé mar aidhm ag na téamaí atá mar bhonn agus taca ag an straitéis sin Cumasú, Neartú, Inbhuanaitheacht tacú le hinmharthanacht ceantar cosúil le Conamara Láir ag Údarás na Gaeltachta “infheistíocht a dhéanamh in acmhainní daonna, acmhainní nádúrtha agus acmhainní caipitil ar bhealach a théann chun leasa an phobail agus an chomhshaoil”. Beidh na cuspóirí straitéiseacha atá aitheanta do Chonamara Láir sna cúig bliana amach romhainn ar aon dul leis na cuspóirí straitéiseacha atá aitheanta ag an Údarás don Ghaeltacht ina hiomláine.

Ina theannta sin, na hearnálacha ina gcreideann Údarás na Gaeltachta gur féidir leis an nGaeltacht buntáiste iomaíoch a fháil, is eárnálacha iad freisin ina gcreideann muintir Chonamara Láir gur féidir leo todhchaí láidir inbhuanaithe a thógáil. Tá an limistéar tosaithe cheana féin ar dúshraith dhaingean a fhorbairt in eárnálacha ar a leanfaidh an plean cúig bliana seo ag tógáil; mar shampla

Earnáil	Príomhéachtaí Chonamara Láir
Athrú aeráide agus an Geilleagar Glas	Máistirphlean Pobail Fuinnimh Inmharthana forbartha agus á chur i bhfeidhm – níl ansin ach ceann amháin de dhá phlean dá leithéid atá forbartha i nGaeltacht Chonamara
An Geilleagar Gorm	Iarratas ar Pháirc na Mara a fhorbairt i gCill Chiaráin, ceann de sheacht dtionscadal straitéiseacha le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta
An Geilleagar Digiteach	Tá Gteic Carna i bhfeidhm ó 2021, le leibhéal áitíochta 100% agus ag ullmhú faoi láthair le haghaidh uasghrádú agus pleananna le haghaidh spás cianoibre sa cheantar
Forbairt Pobail agus an Geilleagar Sóisialta	Tá forbairt pobail ina cnámh droma ag go leor forbairtí fiontair agus le linn shaolré an phlean seo beidh ról lárnach aici i réimsí mar thithíocht shóisialta, turasóireacht, caiféanna pobail, áiseanna spóirt agus forbairt spóirt uisce
Pleanáil Teanga	Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir (PTCL) ag dul isteach sa chúigiú bliain agus chur sí tús le roinnt tograí rathúla laistigh de Chonamara Láir, ar ghlac ceantair phleanála teanga eile ar fud na tíre leo ina dhiaidh sin
Cultúr, Ealaín, Turasóireacht	Mar cheann de dhaingin na Gaeltachta i leith na teanga, an chultúir agus na n-ealaíon, cuirfidh Conamara Láir leis an gcáil seo trí roinnt tograí suaitheanta a chuirfidh le saol na ndaoine a chónaíonn anseo agus na ndaoine a bhfuil fáilte rompu mar chuariteoirí.

Le linn an phróisis phleanála seo, léirigh FCL Teo., grúpaí pobail eile, eagraíochtaí agus daoine aonair tiomantas diongbháilte do gach ceann acu agus a gcuid ról á gcomhlíonadh acu maidir le hinbhuanaitheacht Chonamara Láir a chosaint; ach fáiltíonn siad go láidir roimh thacaíochtaí ó Údarás na Gaeltachta, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais, chun cabhrú leo a bhfís chomhpháirteach a bhaint amach.

# Ról Fhorbairt Chonamara Láir Teo.

Is í Forbairt Chonamara Láir (FCL) an comhlacht forbartha áitiúil, atá ag feidhmiú sa cheantar ó 2007. Ar Bhord Bainistíochta na heagraíochta tá ionadaithe ó na príomhghrúpaí pobail ón gceantar áitiúil lena n-áirítear Coiste Pobail Chamuis, Coiste Pobail Ros Muc, Coiste Pobail Chill Chiaráin, Coiste Pobail Charna, Comhairle Mhuintir an Chaisil agus Pobal Mham Éan. Tá obair na heagraíochta bunaithe ar riachtanais aitheanta agus ar dheiseanna forbartha an cheantair faoi rialachas Bord Bainistíochta.

Tá ról lárnach ag FCL Teo. i bhforbairt tionscadal agus seirbhísí pobail áitiúla. Trí dhírú ar fhorbairt acmhainní áitiúla, an timpeallacht nádúrtha, turasóireacht, an fharraige, oidhreacht agus cultúr traidisiúnta, díríonn plean oibre na heagraíochta ar shaol eacnamaíoch agus sóisialta an phobail áitiúil a chur chun cinn agus a fheabhsú. Déanann sí é seo trí:

- Tuiscint: an ceantar, a gnéithe uathúla díolacháin, na daoine, an timpeallacht
- Naisc phobail a chruthú: éisteacht leo, labhairt leo, a bheith mar chuid díobh
- Deiseanna barrfheabhsaithe: na páirtithe leasmhara go léir a mhealladh
- An daonra áitiúil a neartú: trí na réimsí seirbhísí a sholáthraíonn sé
- Luach na teanga, an chultúir agus na hoidhreachta a chaomhnú: trí infheistíocht isteach a chur chun cinn, tacú le deiseanna fostaíochta a fhorbairt, tionscadail shuaitheanta a fhorbairt

Is í FCL an phríomheagraíocht a dhéanann comhordú ar fhorbairt an phlean gníomhaíochta seo agus beidh ról lárnach aici i seachadadh an phlean. Le linn an phróisis chomhairliúcháin dhearbhaigh pobail áitiúla, a bhí lárnach maidir leis na tosaíochtaí agus go leor de na gníomhartha a theastaíonn chun iad a bhaint amach a aithint, go bhfuil siad sásta i gcónaí úinéireacht a ghlacadh ar thionscadail áirithe a chuireann an fhorbairt riachtanach ina bpobail chun cinn, ach go dteastaíonn cabhair uathu. Beidh FCL Teo. ríthábhachtach chun cabhair a sholáthar go díreach agus go hindíreach araon.

Ó thaobh na tíreolaíochta de, tá limistéar Chonamara Láir scaipthe agus féadann a fairsinge geografach a bheith ina dhúshláin don chomhoibriú agus don chomhtháthú idir na sé príomhionad daonra. Le ball foirne amháin, tá FCL Teo thar a hacmhainn agus ní féidir léi an leibhéal tacaíochta a bhfuil sí ag iarraidh a thabhairt a sholáthar. Chuige sin agus leis an bplean seo a chur i bhfeidhm, is mian le FCL Teo. 4 ball foirne breise a fhostú chun freastal ar mhéid na tíreolaíochta, chun tacú le riachtanais an cheantair agus chun na huaimhianta atá leagtha amach a sheachadadh go rathúil.

# Príomhchuspóirí an Phlean

Mar a tugadh ar aird, thaifead Conamara Láir méadú daonra measta de 1.7% le linn Dhaonáireamh 2022. Cé gur méadú é seo is fíorbheagán é i gcomhthéacs Gaeltachtaí eile agus i gcomhthéacs méadú daonra náisiúnta 7.6%. Léirítear an tionchar atá ag an bhfás daonra íseal seo ar thosca cosúil le laghdú ar líon na ndaoine atá ag freastal ar scoileanna sa cheantar, rud atá ina bhagairt mhór mheántéarmach go fadtéarmach ar theanga, ar chultúr agus ar oidhreacht na Gaeltachta.

D'fhonn an bhagairt seo a aisiompú, is é fócas foriomlán an phlean seo todhchaí inbhuanaithe na nithe seo a leanas a chothú:

- **Daonra:** daonra Chonamara Láir a neartú trí fhorbairt eacnamaíoch agus béim ar acmhainní nádúrtha áitiúla;
- **Bonneagar:** aghaidh a thabhairt ar easnaimh bhonneagair agus iad a leigheas — bóithre, córais chóireála uisce agus séarachais agus bonneagar eile nach mór a leigheas le haghaidh forbartha inbhuanaithe;
- **Teanga:** Bunbhrí ár bhféiniúlachta mar a luadh sa Phleanáil Teanga, “Is teanga shaibhir agus ársa í agus bheadh sé náireach dá bhfaigheadh sí bás le linn ár saoil”
- **Oidhreacht:** saibhreas na hoidhreachta agus áilleacht na timpeallachta a bhaineann le seoda Chonamara Láir a chaomhnú agus a chothú;
- **Na healaíona agus cultúr:** acmhainneacht chruthaitheach agus eacnamaíoch na n-ealaíon a bharrfheabhsú mar fhoinsé féiniúlachta, forbartha agus slí mhaireachtála, go háirithe i réimsí den chultúr traidisiúnta ina bhfuil ceannas margaidh den sórt sin ag Conamara Láir;
- **Oideachas:** ceann de na gnéithe is suntasaí maidir le deiseanna socheacnamaíocha a bharrfheabhsú trí chomhoibriú níos fearr idir páirtithe leasmhara sa cheantar;
- **Fostaíocht:** gan fostaíocht inbhuanaithe, ní féidir aon phobal a bheith ann agus gan pobal, ní bheidh aon teanga ann

Tá an plean seo leagtha amach thar sheacht dtéama, le spriocanna, torthaí ionchais, gníomhartha, úinéirí agus amlínthe aitheanta do gach ceann acu. Tugtar amlínthe ar aird mar ST: 12 -18 mí; MT: 18-36 mí; LT: 36+ mí. Cé go bhfuil cuid de na gníomhartha cuimsithe faoi théama ar leith, a bhfuil siad is oiriúnaí dó, tá roinnt gníomhartha “fite fuaite” chomh maith le codanna eile den phlean.

De réir mar a théann an plean ar aghaidh, cinnteoidh faireachán agus meastóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar spriocanna go bhfanfaidh an plean ar an mbóthar ceart agus, nuair is gá, féadfar tosaíochtaí straitéiseacha a oiriúnú agus pleananna oibríochta a leasú, agus go mbeidh sé dírithe i gcónaí ar an uaillmhian fhoriomlán.



# Comhtháthú Chonamara Láir le tacaíochtaí Stáit eile

Ina cuid oibre laethúil, bíonn rannpháirtíocht iomlán ag FCL le heagraíochtaí stáit eile a bhfuil sainchúram agus ról acu i gConamara Láir chun a chinntiú go gcuirtear guth an réigiúin in iúl agus go n-éistear leis.

Cé go mbeidh ról lárnach ag FCL i gcur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta seo, braitheann rath ar thiomantas agus ar thacaíocht leanúnach na neagraíochtaí sin go léir. Cuimseoidh sé seo meascán de thacaíochtaí airgeadais agus bogthacaíochtaí agus taispeánann an grafaic thíos na comhlachtaí poiblí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chaithfidh tacú le réimsí gníomhaíochta ar leith.

Cé go bhfuil ról FCL dírithe ar cheantar geografach Chonamara Láir, tá comhghleacaithe ag obair i bhforbairt áitiúil i bpobail Ghaeltachta eile chomh maith. Tá eolas maith ag gach ceann de na Comharchumannn seo ar na riachtanais is mó ina gceantair áitiúla agus ar an tionchar a bhíonn acu mura dtugtar aghaidh ar na riachtanais sin mar bhagairt thubaisteach do phobail Ghaeltachta, don teanga, don oidhreacht agus don chultúr.

Tugann forbairt na bpleananna cúig bliana seo ar fud na Gaeltachta deis chun athbheochan a dhéanamh ar an leibhéal comhoibrithe agus líonraithe a bhí ar siúl idir baill Chomhlacas na gComharchumannn & Chomhlucht Pobalbhunaithe roimh Covid19. Thug an fóram comhoibritheach ardán den scoth chun eolas agus eispéiris a mhalartú.

Tugtar deis freisin dul i mbun plé ar scála pá chun coinníollacha tuarastail gach ball foirne de chuid Chomharchumannn Ghaeltachta a ailíniú le scálaí pá na státseirbhíseach.

*Ní neart go cur le chéile.*

Roinn na Gaeltachta	Údarás na Gaeltachta	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	Comhairle Cathrach na Gaillimhe	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Ealaíon na Gaeltachta & An Chomhairle Ealaíon	Comhaltas Ceoltóirí Éireann
Glór na nGael	Acadamh na hOllscolaíochta & ATU	Fáilte Éireann & OPW	Ionad Cuimhneacháin na nIomrána	Cósta Gaelach agus Líonra Turasóireachta Chonamara & Árann	Comhlacas na gComharchumannn & Comhlachtaí Pobalbhunaithe	BIM FLAGanna & Iascach Intíre Éireann
Pobal	Connected Hubs & Grow Remote	SEAI agus Gníomhaireacht Fui nímh Chonamara & Árann	GRETB & Skillnet	Forum & GRD	Uisce Éireann	An Taisce
Muintearas – Clubanna Óige	FSS	Roinn na Mara & Irish Sailing	CNNG & Tuismitheoirí na Gaeltachta	PPN Chontae na Gaillimhe	Tionóil Réigiúnach an Tuiscirt & an Iarthair	Transport for Ireland

# Cuspóir 1 | Teanga, Cultúr agus na hEalaíona



Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir

# Teanga, Cultúr agus na hEalaíona - forbhreathnú

Is í an fhís don Ghaeltacht atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021 – 2025 ná “Pobail rathúla, inbhuanaithe ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga”. Léirítear an fhís seo i misean, oibríochtaí laethúla agus uaillmhian FCL Teo do thodhchaí an cheantair.

In ainneoin an dúshláin a bhaineann le teaghlaigh Chatagóir A agus i gCatagóir C araon a bheith sa cheantar iomlán, tá cáil ar Chonamara Láir mar cheann de na ceantair Ghaeltachta is láidre ó thaobh na teanga de. Tugtar ar aird sa suirbhé ar líne a rinneadh agus an plean seo á fhorbairt gur cainteoirí líofa Gaeilge 84% de na freagróirí agus go bhfuil suim ag 15% i labhairt na Gaeilge ar bhealach níos líofa. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an bplean seo an ról tábhachtach atá ag Conamara Láir i gcaomhnú teanga a choinneáil agus a fheabhsú. Tá taifead déanta ag Pleanáil Teanga don chúigiú bliain as a chéile ar roinnt éachtaí suntasacha agus chuir ceapadh beirt Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) go mór leis an méid sin. Chun cur le rath an Oifigigh Phleanála Teanga, tá sé riachtanach an Conradh don dá cheapachán sin a shíneadh go ceann seacht mbliana eile.

Chomh maith lena cháil mar ionad bairr feabhais don teanga, samhlaítear Conamara Láir leis an gcultúr traidisiúnta agus leis na healaíona. Le cabhair ó roinnt ealaíontóirí traidisiúnta ar fud disciplíní éagsúla (go háirithe traidisiún uathúil an tsean-nóis) agus glúnta éagsúla is é seo an ceantar is ansa le lucht an chultúir thraidisiúnta. Tacaíonn an plean seo le cur chuige foirmiúil i leith comhoibrithe ar fud na n-eagraíochtaí go léir a bhfuil baint acu le hoiliúint agus infheistíocht sna healaíona traidisiúnta a sheachadadh agus tacú leo chun a chinntiú gur féidir tallann atá ag teacht chun cinn a spreagadh agus lánchumas gach duine a bhaint amach.

Chun uaillmhian na teanga, an chultúir agus na n-ealaíon a bhaint amach, d'aithin roinnt leasanna poiblí, príobháideacha agus pobail deis uathúil chun An Clochar a athrú agus mol don teanga, don chultúr agus don oideachas i gConamara Láir a dhéanamh de. D'fháiltigh rannpháirtithe go forleathan roimh athchóiriú agus athshamlú beartaithe An Clochar ag na cruinnithe comhairliúcháin phoiblí agus mar fhreagra ar an suirbhé ar líne chuir beagnach 60% de dhaoine in iúl gurbh fhearr é a athrú go hionad do na healaíona traidisiúnta, oidhreacht, ceol agus teanga.

Tá cead pleanála agus bonneagar tugtha ar aird mar dhúshláin a d'fhéadfadh a bheith tubaisteach do thodhchaí Chonamara Láir agus tá nasc dobhreagnaithe ann idir an dídhonrú agus meath na teanga, an chultúir agus na n-ealaíon. Leagadh béim arís agus arís eile ar an ngá le tacú le hathrú ar an gcóras cead pleanála a mholadh ag comhairliúcháin phoiblí agus ag 51% de na freagróirí sa suirbhé ar líne.

In ainneoin na ndúshlán seo, tá daonra óige rannpháirteach bríomhar sa cheantar i gcónaí a chreideann ina thodhchaí mar is léir ó na ceardlanna le scoláirí i rang a cúig agus i rang a sé le déanaí. Ag léiriú bróid ollmhór as a dteanga, a n-oidhreacht agus a gcultúr, léirigh siad imní faoin todhchaí, ach chuir siad in iúl go bhfuil réitigh le fáil trí éisteacht le daoine óga, trí chomhoibriú leo agus trí infheistíocht a dhéanamh sa Ghaeltacht sula gcaillfear an oidhreacht shaibhir do na glúnta atá le teacht.

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
1	Cáil Chonamara Láir mar ionad bairr feabhais don Ghaeilge a choinneáil agus a fhás	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Conarthaí na n-oifigeach pleanála teanga athnuaite don chéad seacht mbliana eile</li> <li>• Méadú ar líon na dteaghlach ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga nó mar cheann de na príomhtheangacha a bhíonn in úsáid go laethúil</li> <li>• Naisc níos láidre idir Conamara Láir agus an Clochán mar gheall ar stádas an Chlocháin mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Stocaireacht a dhéanamh chun maoiniú a choinneáil d'fhonn acmhainní a chur ar fáil don phlean teanga</li> <li>• Leanúint ar aghaidh ag seachadadh ranganna teanga agus gníomhaíochtaí sealbhaithe teanga eile ag leibhéil éagsúla, lena n-áirítear Gaeilge bhunúsach a thabhairt isteach – do gach aois</li> <li>• Oibriú le daoine óga chun aird a tharraingt ar an tábhacht agus ar an luach a bhaineann leis an teanga a chaomhnú</li> <li>• Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhoibritheacha idir Conamara Láir agus Baile Seirbhíse an Chlocháin</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta PTCL	Fadtéarmach
2	Cáil Chonamara Láir mar ionad bairr feabhais don chultúr traidisiúnta a choinneáil agus a fhás	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur chuige comhoibríoch i leith seachadadh fhorbairt na n-ealaíon traidisiúnta</li> <li>• Ambasadóirí cultúir thraidisiúnta ceaptha</li> <li>• Méadú ar chleachtóirí cultúir thraidisiúnta agus ar chlubanna ar fud gach disciplín</li> <li>• Taibheoirí ar fáil chun na healaíona traidisiúnta a thaispeáint ag ceolchoirmeacha agus drámaí ó cheann ceann na bliana</li> <li>• Féilte a thaispeánann cultúr traidisiúnta feabhsaithe agus féilte leathnaithe agus leas bainte as saineolas chun mionfhéilte/ imeachtaí eile a bhunú ag amanna eile i rith na bliana m.sh. Caiseal le Chéile, imeachtaí speisialta a reáchtáiltear le linn SNAG</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Líonra foirmiúil soláthraithe oiliúna cultúrtha a bhunú chun cur chuige comhcheangailte a chinntiú maidir le pleanáil buiséid agus seachadadh clár</li> <li>• Clár ambasadóra a fhorbairt agus cuireadh a thabhairt do phríomhchleachtóirí cultúir thraidisiúnta a bheith páirteach agus spreagadh a thabhairt do dhaoine óga a bheith páirteach sna healaíona</li> <li>• Líon na ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa traidisiúnta atá ar fáil sa cheantar lasmuigh den scoil a mhéadú m.sh. Oíche Cheoil an Chaisil a thabhairt ar ais</li> <li>• Tacú le clubanna drámaíochta nua a fhorbairt</li> <li>• Grúpa oibre Féilte agus Imeachtaí a bhunú chun riachtanais choiteanna a aithint agus acmhainní a chur le chéile nuair is cuí agus bearnaí a aithint áit a d'fhéadfadh sé a bheith ina dheis féilte / imeachtaí nua a fhorbairt chun cabhrú leis an mbuaicshéasúr a leathnú</li> <li>• Pacáistí deonacha a fhorbairt chun obair dheonach a spreagadh d'fhonn tacú le féilte agus imeachtaí</li> <li>• Cláir aitheantais a fhorbairt chun tacú le hoibrithe deonacha</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hEalaíon na Gaeltachta	Clár atá á fhorbairt de shíor de réir éilimh & scéimeanna maoinithe atá ar fáil  Fadtéarmach

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
3	An Clochar a bhunú mar mhol don teanga, don chultúr agus don oideachas i gConamara Láir	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Clochar athfhorbartha mar phríomhspreagadh chun sócmhainní cultúrtha an cheantair a chosaint – teanga, ceol, amhrán, scéalaíocht srl.</li> <li>Mar mhol cultúrtha, spreagann sé forbairt na turasóireachta cultúrtha freisin.</li> <li>Clú agus cáil air mar ionad sármhaitheasa do na healaíona traidisiúnta – maidir le foghlaim/oideachas agus taibhiú araon.</li> <li>É mar ionad oiliúna agus forbartha gairme san ilmheán</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Staidéar féidearthachta a dhéanamh d'athfhorbairt, rialachas agus bainistíocht leanúnach an Chlochair</li> <li>Iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt eispéiris turasóireachta cultúrtha atá bunaithe ag An Clochar i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara poiblí, príobháideacha agus pobail chun ceachtanna teanga, gníomhaíochtaí a chur san áireamh</li> <li>Deiseanna for-rochtana a iniúchadh le Gréasán na Meán chun dúbailt a sheachaint agus deiseanna oiliúna nua a aithint i gcás nach bhfuil an t-éileamh á chomhlíonadh faoi láthair</li> </ul>	Údarás na Gaeltachta & Acadamh na hOllscolaíochta	Fadtéarmach
4	Forbairt a dhéanamh ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna mar lárionad do chartlanna Idirnáisiúnta agus náisiúnta Gaeltachta & Gaeilge	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tógáil ar an obair atá ar siúl ag an Acadamh cheana féin chun digitiú a dhéanamh ar scéalta Gaeltachta, teanga, ceol, cultúr</li> <li>Earcú saineolais choibhneasta agus forbairt gairme ar feadh na bliana sa réimse chun tacú leis an obair chartlainne</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cás gnó a ullmhú chun ionad cartlainne idirnáisiúnta na Gaeltachta &amp; na Gaeilge a bhunú</li> <li>Podchraoltaí/léiriúcháin teilifíse a fhorbairt chun scéalta cartlainne a sheachadadh</li> </ul>	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	Fadtéarmach
5	Conamara Láir ina lárionad seirbhísí aistriúcháin a thacaíonn le stádas oifigiúil náisiúnta agus AE na teanga	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seirbhís aistriúcháin Ghaeltachta i bhfeidhm le Conamara Láir mar an príomhmhol nó mar fho-mhol</li> <li>Seirbhísí aistriúcháin ar fáil ar fud go leor earnálacha le fás ar ghiniúint ioncaim agus deiseanna forbartha gairme</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An deis a iniúchadh seirbhís aistriúcháin a cheangal le gach Comharchumann ag tosú le FCL</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	Meántéarmach

# Cuspóir 2 | Turasóireacht

14

Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir

# Turasóireacht - forbhreathnú

Is cuid ríthábhachtach de gheilleagar na hÉireann í an turasóireacht. Toisc go bhfanann an chuid is mó de na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíocht turasóireachta sa cheantar ina ndéantar í, cothaíonn sí pobail turasóireachta agus spreagann sí forbairt réigiúnach ar bhealach nach féidir le formhór na dtionscal eile. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an earnáil turasóireachta i gceantair thuaithe na hÉireann, i bpobail nach lonnóidh ilnáisiúntaigh mhóra nó fiú tionscail mhóra dhúchasacha. In ainneoin dhúshláin COVID 19, tá athléimneacht léirithe ag an earnáil, tá sí tar éis teacht chuici féin níos sciobtha ná mar a bhíodhas ag súil leis agus meastar go mbeidh an turasóireacht ina hearnáil fáis i bhfad amach anseo.

Fo-thacar d'earnáil na turasóireachta is ea *mallturasóireacht*; is cur chuige í maidir le taisteal a leagann béim ar an nasc le daoine áitiúla, cultúir, bia agus ceol. Braitheann sí ar an smaoineamh go bhfuil turas in ainm oideachas a chur ar dhaoine agus tionchar mothúchánach a bheith aige, agus fós a bheith inbhuanaithe do phobail áitiúla agus don chomhshaol. Tá acmhainn ollmhór nach bhfuil leas bainte aisti fós chun mallturasóireacht a fhás i gConamara Láir.

Ceantar iontach áilleachta, ina bhfuil cultúr na Gaeltachta faoi bhláth, agus le forbairtí nua turasóireachta ar an bhfód, tá deis ag Conamara Láir cuairteoirí a spreagadh chun scíth a ligean, fanacht níos faide agus níos mó a chaitheamh sa cheantar áitiúil. Ar na heispéiris turasóireachta atá ann cheana áirítear Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, ar bronnadh deontas €1m air chun tacú le hionad léirithe a fheistiú agus Gairdín Cuimhneacháin a fhorbairt. Cuireann sé, mar aon le hIonad Cultúrtha an Phiarsaigh, eispéiris thumthacha ar fáil dár nDiaspóra atá ag iarraidh foghlaim faoina sinsear agus do lucht turasóireachta níos leithne trí bheocht a chur i scéalta Chonamara Láir agus na Gaeltachta.

Beidh síneadh Ghlasbhealach Chonamara go Sraith Salach bunathraitheach don cheantar - mar atá tarlaithe in iliomad cinn scríbe eile ar fud na tíre a bhain leas as glasbhealaí áitiúla. Mar thoradh ar fhorbairt Chonair Cheapach Chuais chun nascadh le Glasbhealach Chonamara tá deiseanna breise ann chun an tairbhe a bhaineann an Sraith Salach as a síneadh chuig paróistí eile laistigh de Chonamara Láir. Má dhéantar gormbhealach cois cósta a fhorbairt, ag cur le hoidhreacht na farraige, saothrú bád agus iascaireachta Chonamara Láir, beidh an ceantar mar mhór-cheann scríbe gníomhaíochtaí faoin aer a rachaidh chun sochair mhuintir na háite agus turasóirí araon. Agus ar deireadh, tabharfaidh forbairt fhéideartha An Clochar mar mhol cultúrtha den scoth don cheantar deiseanna feabhsaithe do chuairoteoirí iad féin a thumadh go hiomlán i gcultúr Gaeltachta Chonamara Láir, le béim ar leith ar láidreachtaí uathúla an cheantair maidir le teanga, ceol, amhrán agus scéalaíocht.

Ionas gur féidir leis an réigiún airgead a shaothrú agus acmhainneacht na bhforbairtí seo atá le teacht a bharrfheabhsú, tá gá le cur chuige straitéiseach i leith pleanála turasóireachta – mar a tugadh ar aird sa suirbhé ar líne mar ghníomh tosaíochta. Tá sé riachtanach go mbunófaí grúpa oibre turasóireachta ina mbeadh príomhsholáthraithe turasóireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairtí turasóireachta. Tá sé tábhachtach go gcabhraítear le pobail áitiúla na tairbhí féideartha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe turasóireachta a thuiscint agus go dtugtar tacaíocht dóibh chun fiontair turasóireachta a fhorbairt a fhéadfaidh beocht a chur lena gcultúr uathúil do chuairoteoirí baile agus ón gcoigríoch.

Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
1 Turasóireacht chultúrtha i gConamara Láir a fhás	<ul style="list-style-type: none"> <li>Méadú ar líon na dturasóirí atá ag teacht go Conamara Láir agus ag fanacht ann ar feadh tréimhsí níos faide</li> <li>Cuireann Conamara Láir barr feabhais ar a láidreachtaí chun cáil a fhorbairt mar cheann scríbe Mallturasóireachta ina ndéantar líon na dturasóirí a bhainistiú go hinbhuanaithe</li> <li>Comhoibriú agus crosdíol idir earnálacha éagsúla agus limistéir gheografacha éagsúla</li> <li>Déantar an bonneagar turasóireachta atá ann cheana a bharrfheabhsú m.sh. leathnú ar Ionad Cuimhneacháin na nImirceach chun léirmhíniú eisimirce, diaspóra agus mol turasóireachta a chur san áireamh</li> <li>Cuireann soláthraithe turasóireachta nua luach leis an méid atá ann cheana</li> <li>Déantar iascaireacht, uisce agus oidhreacht an cheantair a bharrfheabhsú mar eispéireas turasóireachta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpa oibre turasóireachta Chonamara Láir a fhorbairt ina bhfuil cóiríocht, soláthraithe gníomhaíochta agus nithe is díol spéise chun forbairtí turasóireachta a mhaoirsiú</li> <li>Máistirphlean turasóireachta a fhorbairt don cheantar</li> <li>Soláthraithe turasóireachta a threorú chuig foinsí maoinithe agus bogthacaíochtaí eile</li> <li>A chinntiú go bhfuil soláthraithe turasóireachta áitiúla ar an eolas faoi oiliúint atá ar fáil ó Fáilte Éireann agus conas rochtain a fháil uirthi</li> <li>Oiliúint shaincheaptha a fhorbairt nuair is gá</li> <li>Pacáistí turasóireachta cultúrtha a fhorbairt chun ceachtanna teanga, gníomhaíochtaí (ar muir is ar thír) agus cóiríocht a chur san áireamh</li> <li>Deiseanna a fhiosrú do bhaill an Chomhaltais – go háirithe baill óga - chun ceolchoirmeacha a chur ar siúl do thurasóirí sa samhraidh agus freastal ar chúrsaí oiliúna do mhúinteoirí de chuid an Acadaimh</li> <li>Deiseanna le hIonad Cultúrtha an Phiarsaigh a fhiosrú chun spreagadh a thabhairt do chuairoteoirí fanacht níos faide san áit</li> </ul>	<p>Forbairt Chonamara Láir Teo.</p> <p>Údarás na Gaeltachta &amp; Fáilte Éireann</p>	<p>Gearrthéarmach (forbairt coincheap)</p> <p>Fadtéarmach (togra ina iomláine)</p>
2 Aghaidh a thabhairt ar easnamh i gcóiríocht sa cheantar mar chatalaíoch ríthábhachtach do líon na gcuairoteoirí atá ag dul i méid	<ul style="list-style-type: none"> <li>Méadú ar líon na soláthraithe cóiríochta m.sh. leaba is bricfeasta, féinfhrestal, glampáil, veain champála</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Spreagadh a thabhairt do Mhná Tí atá ann cheana cóiríocht do dhaoine fásta a fhorbairt</li> <li>Iníúchadh ar fhorbairt láithreán glampála</li> <li>Méadú ar líon na suíomhanna AIRE sa cheantar m.sh. Halla Chamuis, Chill Chiaráin</li> <li>Spreagadh a thabhairt do sholáthraithe cóiríochta ceadú Fáilte Éireann a lorg</li> <li>Iníúchadh a dhéanamh ar an deis líonra soláthraithe Airbnb a chruthú</li> </ul>	<p>FCL Teo. &amp; Fáilte Éireann</p>	<p>Meántéarmach</p>



	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
3	An leas is fearr a bhaint as acmhainneacht Ghlasbhealach Chonamara agus as an ngormbhealach cósta atá beartaithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>Forbairt ar fruiliú rothar agus bonneagar tacaíochta (caifé, leithris srl.) chun úsáideoirí an ghlasbhealaigh a mhealladh le fanacht níos faide sa cheantar áitiúil</li> <li>Forbairt conairí siúlóide breise (m.sh. Lúibín Cnoc an Chuillinn, Ceapach Chuais), a nascann leis an nGlasbhealach nuair is féidir</li> <li>Forbairt soláthraithe gníomhaíochtaí spóirt uisce sa cheantar</li> <li>Leathnú ar Chlub Mara Chonamara Láir agus ról lárnach aige i bhforbairt spóirt uisce</li> <li>Forbairt ar gheotaisceadh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Iniúchadh a dhéanamh ar gnó fruilithe rothar pobalbhunaithe sa tSraith Salach</li> <li>Seisiúin faisnéise a chur ar fáil agus oiliúint a fháil maidir leis an Glasbhealach don turasóireacht agus do ghnólachtaí áitiúla eile</li> <li>Mol lárnach a fhorbairt do Chlub Mara</li> <li>Deiseanna do ghnólachtaí turasóireachta príobháideacha agus pobail a chur chun cinn chun leas a bhaint as gormbhealach /glasbhealach</li> <li>Ag tarraingt ar an eispéireas dearfach i gCarna, iarraidh ar gach Coiste Pobail foghrúpa siúlóide a fhorbairt i ngach paróiste d'fhonn an acmhainn is fearr a aithint d'fhorbairt amach anseo i gcomhar le húinéirí talún</li> <li>Ag tógáil ar fhás an Chlub Mara, tús a chur le plé le gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha chun gormbhealach cósta a fhorbairt</li> </ul>	FCL Teo. le tacaíocht ó Soláthraithe Maoinithe ORIS, Leader agus FLAGS	Meántéarmach
4	Conamara Láir a fhorbairt mar lárionad don turasóireacht teangabhunaithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>Maidir le Coláistí Gaeilge, déanfar deiseanna a chothabháil agus a chruthú don dá choláiste agus do theaghlaigh óstach chun an tionscal a fhorbairt agus an séasúr a leathnú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Réimse cúrsaí inacmhainne a fhorbairt lena n-áirítear cúrsaí níos giorra atá ar fáil ar feadh na bliana atá dírithe ar scrúdaithe stáit 2ú leibhéal agus 3ú leibhéal</li> <li>Infheistiú i Mná Tí agus sna tithe óstacha</li> <li>Stocaireacht a dhéanamh ar infheistíocht stáit le haghaidh áiseanna pobail chun raon gníomhaíochtaí a mhéadú do chách</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Fáilte Éireann	Gearrthéarmach

# Cuspóir 3 | Fiontar/ Fiontar Sóisialta

*Le Fuinneamh In-athnuaite agus Earnáil na Cruthaitheachta Digiteach San Áireamh*



Plean Gníomhaíochta 5 Bana do Chonamara Láir

## Fiontar/ fiontar sóisialta – forbheathnú

Cé gur dúshlán é an dífhostaíocht i gConamara Láir, mar aon le go leor ceantar tuaithe eile ar fud na hÉireann, tá go leor cúiseanna ann freisin le bheith dearfach faoi fhás fiontar agus faoi dheiseanna forbartha gairme ar fud na n-earnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail.

Thug cruthú cultúr cianoibre go náisiúnta, le tacaíocht ó áiseanna agus seirbhísí cianoibre, spreagadh do roinnt daoine athlonnú go buan go Conamara Láir agus cuid eile chun saoire níos faide a chaitheamh sa cheantar agus iad i mbun oibre agus ag caitheamh ama lena dteaghlaigh. Cruthaíonn an t-athrú suntasach seo ar chleachtais oibre deiseanna chun an fócas a bhaint de “chruthú post” agus béim a chur ar fhorbairt gairme. Tá leibhéal áitiúchá beagnach 100% ag Gteic i gCarna ó osclaíodh é, agus thug an meascán tionóntaí réimse nua scileanna agus gairmeacha chuig an gceantar.

Aithníodh sa suirbhé ar líne a rinneadh don phlean gníomhaíochta seo go bhfuil 90% de na freagróirí ina gcónaí i gConamara Láir faoi láthair agus dúirt 10% de na freagróirí go mbeadh suim acu cónaí i gConamara Láir am éigin sna 5 bliana amach romhainn. Is spreagadh mór é seo do thodhchaí an réigiúin agus tá sé mar bhonn agus mar thaca ag pleannanna an Gteic a uasghrádú agus tá sé beartaithe spás cianoibre breise a fhorbairt le linn na tréimhse sin.

Dá n-osclófaí Páirc na Mara, ceann de na hinfheistíochtaí is mó atá beartaithe go dtí seo sa bhonneagar Gaeltachta, bheadh tionchar bunathraitheach aige ar an réigiún. Tugtar ar aird gur dhiúltaigh an Bord Pleanála cead pleanála le déanaí, ach déanfar é seo a athbhreithniú i gcomhairle leis an bpobal chun treoir a chomhaontú maidir le fostaíocht a chruthú sa cheantar agus maidir le slándáil an cheantair a chothabháil agus a fhorbairt mar phobal inmharthana do dhaoine chun cónaí, fanacht agus oibriú ann.

Idir an dá linn, tá go leor deiseanna eile ann d'fhorbairt fiontar agus d'fhorbairt fiontar sóisialta nach mór dul sa tóir orthu freisin thar shaolré an phlean seo. Is féidir le braislí de mhicrifhiontair bheaga agus mhicrifhiontair tionchar an-dearfach a imirt ar an ngeilleagar áitiúil agus cruthóidh forbairtí pleanáilte, a ndéantar tagairt dóibh sa phlean seo, in earnálacha mar thurasóireacht, an geilleagar glas, cultúr agus na healaíona i bhfad níos mó deiseanna d'fhorbairt fiontar príobháideach agus sóisialta freisin.

Tosaíocht de chuid an phlean seo is ea a chinntiú go bhfuil na coinníollacha cuí i bhfeidhm ar fud Chonamara Láir chun cultúr fiontraíochta tráchtála agus sóisialta a spreagadh agus a chothú. Feidhmeoidh FCL Teo. mar bhealach chun rochtain a éascú ar an bhfaisnéis agus ar na foinsí maoinithe atá ar fáil trí thacaíochtaí stáit, rochtain ar sheirbhísí agus ar shaoráidí mar spás cianoibre agus treoir chuig deiseanna a eascraíonn as foirgnimh thionsclaíocha fholmha a uasghrádú agus a úsáid.

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
4	Tá fiontair shóisialta chun tosaigh maidir le forbairt gairme ar fud raon earnálacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>2 -3 ghnó fiontraíochta sóisialta cruthaithe thar shaolré an phlean i réimsí mar thithíocht shóisialta, fruiliú rothar ar an nglasbhealach, caiféanna pobail, mol mara pobail</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Eiseamláirí a aithint agus cuairt a thabhairt orthu chun foghlaim faoi aithris a dhéanamh ar a rath m.sh. glampáil pobail in Blackwater Eco Pods, siopaí pobail i gCúirt Mhic Shéafraidh, Tiobraid Árann agus Leathros</li> <li>Mol mara pobail a fhorbairt chun ionad oiliúna a chur san áireamh</li> <li>Tionscadal píolótach a chomhaontú chun tús a chur leis an acmhainneacht forbartha maidir le fruiliú rothar ar an nglasbhealach</li> <li>Deiseanna breise a iniúchadh i réimsí is mó riachtanas m.sh. tithíocht shóisialta</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Páirtithe Leasmhara Aitheanta eile	Meántéarmach -Fadtéarmach
5	Airgead a ghnóthú as hallaí pobail	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fiontair shóisialta nua a fhorbairt a chuireann le giniúint ioncaim i ngach ceann de na hallaí pobail m.sh. <ul style="list-style-type: none"> <li>Caifé pobail agus Siopa Pobail ar an gCaiseal</li> <li>Bothán na bhfear ag an gcúirt liathróide ar an gCaiseal</li> <li>Suíomh oidhreachta ag reilig an Chaisil</li> <li>gTeic beag i gCamus</li> <li>Digitíú ar shean-rollaí agus forbairt ar ionad oidhreachta a dhéanann próifíliú ar stair shóisialta Shraith Salach – “Ionad Oidhreachta Digiteach Shraith Salach”</li> <li>Athchóiriú Teach Major Forbes mar shampla de theach ón 19<sup>ú</sup> haois</li> <li>Forbairt fiontar bunaithe ar oidhrecht iascaireachta m.sh. ionad bairr feabhais maidir le saoirseacht bád</li> <li>Margaí feirmeoirí ag díol táirgí áitiúla i Ros Muc/Camus</li> </ul> </li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpaí oibre a chruthú ó gach pobal atá sásta forbairt fiontar sóisialta nua ina gceantar áitiúil a iniúchadh</li> <li>Staidéar indéantachta a dhéanamh chun deiseanna fiontraíochta sóisialta a aithint atá oiriúnach do láidreachtaí gach ceantair m.sh. caiféanna pobail, níos mó láithreán AIRE, láithreán glampála, fruiliú rothar, ionaid lae pobail</li> <li>Deiseanna a fhiosrú chun margadh feirmeoirí a fhorbairt chun cur le líon na dtáirgeoirí áitiúla ansin</li> </ul>	Meitheal Hallaí Pobail Chonamara Láir	Gearrthéarmach - Meántéarmach

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
1	An fhaisnéis atá ag teastáil ó dhaoine aonair agus ó ghníomhaithe pobail chun leas iomlán a bhaint as tacaíochtaí stáit	<ul style="list-style-type: none"> <li>Treoir do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail maidir le foinsí tacaíochta airgeadais agus neamh-airgeadais <ul style="list-style-type: none"> <li>Tacaíocht phraiticiúil do ghnólachtaí nua arna bhforbairt agus béim faoi leith ar fhiontraihe óga</li> <li>Forbairt ar stór lárnach de na sonraí ábhartha go léir</li> <li>Cabhair do dhaoine aonair chun na foirmeacha riachtanacha a chomhlánú</li> </ul> </li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Maoiniú a lorg ón gClár CSP chun Bainisteoirí Tionscadail Pobail a cheapadh a d'fhéadfadh tacú leis an limistéar geografach iomlán nó le riarthóirí breise de réir mar is gá</li> <li>Idirchaidreamh a dhéanamh le daoine aonair agus le grúpaí pobail chun tosaíocht a thabhairt do na réimsí is mó riachtanas</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hEagraíochtaí Aitheanta arna maoiniú ag an Rialtas	Gearrthéarmach
2	Infheistíocht nua ón tionscal príobháideach sa cheantar a ghineann fostaíocht bhreise agus caighdeáin mhaireachtála níos airde	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oscailt Pháirc na Mara</li> <li>Uasghrádú Gteic i gCarna agus oscailt spás breise Gteic chun níos mó cianoibre a spreagadh</li> <li>Méadú ar líon na micrifhiontar arna bhforbairt mar thoradh ar dheiseanna cianoibre</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Mar thoradh ar an iniúchadh atá le déanamh ar réadmhaoin atá ar fáil agus ar úsáidí féideartha, plean a fhorbairt le hÚnaG chun deiseanna do réadmhaoin Chonamara Láir a fhiosrú</li> <li>Dul i ngleic le tacaíochtaí moil cianoibre náisiúnta m.sh. Grow Remote</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta	Meántéarmach
3	Níos mó comhoibrithe idir gnólachtaí áitiúla	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líonra gnó cruthaithe</li> <li>Próifíl níos airde gnólachtaí áitiúla ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta</li> <li>Níos mó comhoibrithe idir líonraí in aice láimhe m.sh. Comhlachas Tráchtála Chonamara</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tacú le forbairt líonra do ghnólachtaí áitiúla</li> <li>Eolaire ar líne de ghnólachtaí áitiúla a fhorbairt do mhuintir na háite agus do thurasóirí</li> <li>Spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla iarratas a dhéanamh ar Ghradaim Gnó na hÉireann</li> <li>Deiseanna comhoibritheacha agus promóisin don líonra a aithint</li> </ul>	Pleanáil Teanga Chonamara Láir i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Páirtithe Leasmhara Aitheanta eile	Gearrthéarmach

## Cuspóir 4 | An Ghaeltacht Ghlas



Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir

22

# An Ghaeltacht Ghlas – forbhreathnú

Mar chuid dá thacaíocht do Chlár Oibre 2030 agus do chreat domhanda na Náisiún Aontaithe um fhorbairt inbhuanaithe, tá Éire tiomanta d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ina dhá leath faoi 2030 agus neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. I gcomhthéacs chomhaontú na Náisiún Aontaithe ina gcuimsítear 17 sprioc forbartha inbhuanaithe idirnasctha, bíonn tionchar ag tiomantas náisiúnta na hÉireann ar gach cuid den tír, ar gach gnó, ar gach teaghlach agus ar mhuintir Chonamra Láir.

Mar léiriú go gcreideann sé gur féidir difríocht a dhéanamh, tá Conamara Láir ar cheann den dá Chomharchumann a bhfuil máistirphlean fuinnimh forbartha aige don cheantar. Is é an plan seo an chéad chéim i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm réiteach atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a thosú do cheantar Phobal Fuinnimh Inmharthana (SEC) Forbairt Chonamara Láir. Nuair a chuirtear i bhfeidhm é, cabróidh sé le cáilíocht beatha, inbhuanaitheacht, compord teirmeach, sláinte agus athrú aeráide chomh maith le húsáid fuinnimh a athrú ar fud an iliomad earnálacha, pobail, poiblí, cónaithe, mara agus talmhaíochta.

Tá trí phríomhréimse fócais sa phlean a dtugann sé tús áite dóibh.

- Iarfheistiú do thithe príobháideacha agus do hallaí pobail ar fud an cheantair trí iad a uasghrádú go hardchaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh
- Cumarsáid agus oideachas pobail ar fud gach aoisghrúpa maidir le fuinneamh glas, agus feasacht faoi thacaíochtaí rialtais
- Cláir giniúna fuinnimh pobail a fhorbairt, agus é mar aidhm dheiridh ioncam a ghiniúint go háitiúil is féidir a chaitheamh ag feabhsú tírdhreach comhshaoil, eacnamaíoch agus sochaíoch phobal áitiúil Chonamara Láir

Is tosaíocht é leathadh amach céimneach an mháistirphlean fuinnimh sna cúig bliana amach romhainn a rachaidh chun leasa daoine aonair, gnólachtaí agus pobail, ní hamháin maidir le lorg carbóin an cheantair a laghdú, ach cuireann sé deiseanna ar fáil freisin maidir le cruthú post agus forbairt gairme ardoilte ar fud an iliomad disciplíní de réir mar a chuireann an pobal an plan i bhfeidhm.

Tá a dhaoine óga ríthábhachtach do thodhchaí Chonamara Láir ar an oiread sin bealaí agus tá timpeallacht inbhuanaithe ríthábhachtach dá dtodhchaí. Beidh ról tábhachtach ag an óige freisin i bpleananna Ghaeltacht Ghlas Chonamara Láir le tionscnamh óige beartaithe, a bheidh bunaithe ar phrionsabail na timpeallachta agus a bheidh fite fuaite freisin le gach gné eile d'fhorbairt pobail agus de mhaireachtáil phobail.

Agus samplaí idirnáisiúnta mar spreagadh aige, is éard atá sa chuid seo den phlean gníomhaíochta ná tús físe níos fadtéarmaí ina mbeadh Conamara Láir mar eiseamláir den Ghaeltacht Ghlas a d'fhéadfadh a bheith ina inspioráid ag grúpaí eile ina dhiaidh sin.

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
1	Máistirphlean Fuinnimh SEC a leathadh amach	<ul style="list-style-type: none"> <li>Iarfheistiú do thithe príobháideacha agus hallaí pobail ar fud an cheantair</li> <li>Oideachas pobail thar gach aois maidir le fuinneamh glas le tacaíocht ó ambasadóirí fuinnimh agus ó chultúr na hoscailteachta chun féachaint ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite</li> <li>Cláir giniúna fuinnimh forbartha pobail i bhfeidhm</li> <li>Seirbhísí bainistíochta comhshaoil breise i bhfeidhm m.sh. ionad athchúrsála ginearálta (pleananna chun é seo a lonnú i gCasla), araidí múirínithe, athchúrsáil bolgán solais srl.</li> <li>Pointí luchtaithe EV ar fud an cheantair</li> <li>Plean don bhithéagsúlacht agus d'athbhunú speicis san fhiántas forbartha</li> <li>Conraitheoirí iarfheistithe ceadaithe breise ar fáil chun oibriú sa cheantar áitiúil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Reáchtáiltear clinicí faisnéise go rialta chun an clár iarfheistithe a chur chun cinn.</li> <li>Eolas ar mhaoiniú agus bogthacaíochtaí do dhaoine a thógann tithe adhmaid a threorú</li> <li>Deiseanna uasoiliúna a chur chun cinn do chonraitheoirí áitiúla d'fhonn deimhniú SEAI a fháil</li> <li>Comhoibriú idir FCL agus Gníomhaireacht Fuinnimh Chonamara &amp; Árann chun tosaíocht a thabhairt do thithe agus d'fhoirgnimh phobail le haghaidh iarfheistithe</li> <li>Idirchaidreamh a dhéanamh le SCEIRDE maidir le deiseanna laistigh den Chiste Pobail</li> <li>Clár píolótach a fhorbairt chun forbairt pobail a ghiniúint</li> <li>Oiliúint do dhaoine maidir le gairdíní pobail, tionscnaimh phlandaithe, forbairt limistéar áineasa</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hEagraíochtaí Aitheanta arna maoiniú ag an Rialtas	Gearrthéarmach -Meántéarmach
2	Leibhéal caighdeánaithe cothabhála comhshaoil ar fud an cheantair	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ionaid chóireála séarachais agus uisce nua súiteáilte atá oiriúnach do riachtanais an cheantair</li> <li>Tránna, aibhneacha, cuanta glana</li> <li>Cothabháil iomchuí ar claíocha</li> <li>Stoic éisc athshlánaithe agus slatiascaireacht athfhuinnmhithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tacú leis an Rialtas Náisiúnta chun riachtanais séarachais agus cóireála uisce a choinneáil ar bharr na gclár oibre náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil</li> <li>Tacú le Comhairle Contae na Gaillimhe chun leibhéal na seirbhísí cothabhála a mhéadú (m.sh. trí chlár cosúil le fostaíocht gardaí tarrthála i rith shéasúr an tsamhraidh)</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hEagraíochtaí agus Rannóga Aitheanta arna maoiniú ag an Rialtas	Gearrthéarmach -Meántéarmach



	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
3	Iompar poiblí feabhsaithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>Síneadh le seirbhísí Local Link</li> <li>Deiseanna iompair phoiblí eile á n-iniúchadh go hiomlán m.sh. Seirbhís Hacnaí Pobail agus Carr Pobail</li> <li>Rochtain éascaithe ar sheirbhísí cosúil le Naíonra, Cairdeas agus Club Mara d'úsáideoirí seirbhíse</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Taighde ar thionchar bealaí nua a forbraíodh agus a bearnaí atá le líonadh i mbealaí breise a aithint chomh maith le tacú le bonneagar m.sh. stadanna bus, scáthláin</li> <li>Tacú le TFI le haghaidh bealaí breise</li> </ul>	FCL Teo. & TFI	Gearrthéarmach -Meántéarmach
4	Spreagadh do leibhéal níos airde siúil / rothaíochta trí bhealaí sábháilte chuig scoileanna agus chuig an obair	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cosáin nua agus lánaí siúil/rothaíochta suiteáilte ar bhealaí chuig scoileanna agus áiteanna oibre</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Riachtanais shonracha a aithint trí shuirbhéanna agus iniúchtaí</li> <li>Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú trí Chomhairle Contae na Gaillimhe, ORIS agus cistí eile atá ar fáil</li> <li>Forbairt grúpaí siúlóide/rothaíochta chun na scoile a spreagadh</li> </ul>	FCL Teo. & Údarás Áitiúla	Gearrthéarmach -Meántéarmach
5	Tionscnamh Óige Ghaeltacht Ghlas Chonamara Láir	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ócáid bhliantúil Ghaeltacht Ghlas eagraithe</li> <li>Seachadta agus bainistithe ag grúpaí óige áitiúla ag cur béime ar chomhtháthú na Gaeltachta Glas thar gach gné den phlean gníomhaíochta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpa oibre a fhorbairt chun cruthú an imeachta a threorú</li> <li>Clár píolótach gearr a chur i bhfeidhm i mbliain 1 agus é d'acmhainn aige fás go himeacht il-laethúla / seachtaine</li> <li>Deiseanna comhoibritheacha le grúpaí óige ar fud na gceantar Gaeltachta ar fad a iniúchadh</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le hEagraíochtaí Ait heanta arna maoiniú ag an Rialtas	Gearrthéarmach

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
6	Iarfheistiú iomlán ar Shócmhainní Údarás na Gaeltachta	<ul style="list-style-type: none"> <li>Laghdú ar lorg carbóin agus foirgnimh tráchtála ardsonraíochta a sheachadadh i gConamara Láir chun infheistíocht isteach agus deiseanna fostaíochta &amp; gairme a mhealladh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Iniúchadh a dhéanamh ar gach foirgneamh</li> <li>Plean iarfhéistithe a dhearadh agus a fhorbairt</li> <li>Maoiniú stáit a dhaingniú</li> <li>Feachtas chun infheistíocht isteach a mhealladh</li> </ul>	Údarás na Gaeltachta	Gearrthéarmach -Meántéarmach
7	Uasghrádú ar gach scoil agus ionad oideachais i gConamara Láir	<ul style="list-style-type: none"> <li>Laghdú ar lorg carbóin agus ar fhorchostais mar gheall ar éifeachtúlacht fuinnimh i ngach foirgneamh scoile agus oideachais</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Iniúchadh a dhéanamh ar gach foirgneamh</li> <li>Plean iarfhéistithe a dhearadh agus a fhorbairt</li> <li>Maoiniú stáit a dhaingniú chun tacú le iarfhéistithe</li> </ul>	An Roinn Oideachais	Gearrthéarmach -Meántéarmach

# Cuspóir 5 | Seirbhísí & Bonneagar



Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir

# Seirbhísí & Bonneagar – forbheathnú

Mar a tugadh ar aird, meastar gur tháinig méadú 1.7% ar an daonra i gConamara Láir i nDaonáireamh 2022. Cé nach ardú suntasach é sin, léiríonn sé athrú dearfach ar dhéimeagrafaic i gceantar a raibh leibhéal arda dídhonraithe ag baint leis roimhe seo. Tá sé réasúnta glacadh leis go leanfaidh an ceantar ar aghaidh ag baint leasa as méaduithe sa daonra i bhfianaise na ndeiseanna earnála atá le teacht agus ar éascú na cianoibre. Éilíonn daonra atá ag fás cur chuige straitéiseach maidir le tithíocht, iompar, sláinte, oideachas, timpeallacht agus úsáid talún.

Ina Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch 2020-2032, tugann Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) ar aird go bhfuil “soláthar agus cothabháil an bhonneagair eacnamaíoch, mar fhuinneamh, uisce agus fuíolluisce, ríthábhachtach chun fás dlúth agus réigiún nasctha, bríomhar, cuimsitheach, athléimneach agus cliste a sholáthar.”

Le linn an phróisis chomhairliúcháin don phlean seo, d'ardaigh pobail áitiúla saincheisteanna arís agus arís eile maidir le seirbhísí agus bonneagar neamhleor ina gceantar áitiúil agus an tionchar diúltach a bhíonn ag na saincheisteanna seo ar a saol laethúil; luaigh aon trian de fhreagróirí an tsuirbhé ar líne “dromchlaí bóthair feabhsaithe, moilliú tráchtá agus níos mó soilse sráide” mar na seirbhísí agus na riachtanais bhonneagair is mó sa cheantar. Déanann an NWRA tagairt freisin don “chaoi a gcuireann an easpa rochtana ar na buntáistí riachtanacha a sholáthraíonn bonneagar bac ar chaighdeán mhaireachtála níos airde agus go gcuireann sé bac suntasach ar fhorbairt eacnamaíoch.”

Tá uailmhianta ag muintir Chonamara Láir dá dtodhchaí agus do na glúnta atá le teacht, lena n-áirítear an t-ionchas gur féidir leo leanúint orthu ag maireachtáil san áit inar rugadh iad agus taitneamh a bhaint as bunchaighdeán bhonneagair atá ar fáil in áiteanna eile sa tír. Bhí sé suimiúil an uailmhian seo a fheiceáil léirithe sna glúnta atá le teacht trí thaighde a rinne Gaeloideachas. Léirigh an taighde seo go n-aithníonn leanaí, chomh hóg le 10 agus 11 bliain d'aois, an míbhuntáiste a thugann seirbhísí agus bonneagar fo-optamach dá dtodhchaí agus d'éiligh siad go ndéanfaí an easpa infheistíochta a aisiompú chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú.

Leanann FCL Teo. ag cur in iúl go bhfuil sé ríthábhachtach Ciste Infreastruchtúr na Gaeltachta (an Ciste) a thabhairt isteach arís d'fhorbairt seirbhísí agus bonneagair amach anseo ag leibhéal a ndéanann daonraí eile talamh slán de in áiteanna eile in Éirinn. D'éascódh an Ciste feabhsú cothrom ar bhonneagar poiblí chun feabhas a chur ar mhaireachtáil laethúil do gach ball den phobal. Cuireadh fáilte mhór roimh athbhunú beartaithe an Chiste ag gach cruinniú poiblí agus léirigh 93% d'fhreagróirí an tsuirbhé ar líne a dtacaíocht don Chiste.

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
1	Ciste Infreastruchtúr na Gaeltachta a thabhairt ar ais	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Ciste i bhfeidhm</li> <li>Pleanáil le haghaidh nascacht fheabhsaithe idir seirbhísí éagsúla laistigh de gach baile éascaithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Brústocaireacht a dhéanamh ar rialtas náisiúnta</li> <li>Tacaíocht a fháil ó dhaonraí áitiúla</li> </ul>	Conradh na Gaeilge le tacaíocht ó FCL Teo.	Gearrthéarmach -Meántéarmach
2	Caighdeán feabhsaithe an bhonneagair phoiblí chun maireachtáil ó lá go lá a fheabhsú do gach ball den phobal	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leathadh céimneach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda brostaithe agus críochnaithe</li> <li>Clúdach fón póca feabhsaithe</li> <li>Bóithre níos fearr agus moilliú tráchta</li> <li>Céanna feabhsaithe chun freastal ar riachtanais fóillíochta agus lasta</li> <li>Soilse sráide breise</li> <li>Áiseanna ag saoráidí poiblí m.sh. páirceáil agus leithris ag tránna, cosáin siúil</li> <li>Pointe luchtaithe poiblí d'fheithiclí feadh an R336 &amp; an N59</li> <li>Leibhéil iomchuí dliteanais phoiblí</li> <li>Níos mó rochtana ar níos mó tacaíochtaí Gaeilge m.sh. teagascóirí tiomána</li> <li>Linn snámha forbartha i Ros Muc</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Abhcóideacht leanúnach le soláthraithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ag leasanna poiblí, príobháideacha agus pobail</li> <li>Plean cumarsáide abhcóideachta a fhorbairt ionas go mbeidh na páirtithe leasmhara go léir in ann páirt a ghlacadh</li> <li>Raon grúpaí oibre a chruthú i gceantair áitiúla chun tabhairt faoi ghnéithe ar leith lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>An cosán a leathnú ón nGort Mór go Tigh Mháille</li> <li>Comharthaí bóthair i Ros Muc</li> <li>Gráta eallaigh ag Naíonra Ros Muc</li> <li>Páirceáil fheabhsaithe ag Halla Shraith Salach</li> <li>Méadú ar mhéid na reiligí i Maíros, Maínis, Sraith Salach</li> <li>Ionad gníomhaíochta leanaí faoi dhíon</li> <li>Feabhas a chur ar chosáin trí Charna &amp; Cill Chiaráin</li> <li>Ionad lae do dhaoine aosta</li> <li>Páirceáil ag Trá Mhuighrois</li> </ul> </li> </ul>	FCL Teo., & Coistí Deonacha Áitiúla Gníomhacha	Gearrthéarmach -Meántéarmach
3	Ionad Cúraim Phríomhúil Gaeltachta a fhorbairt do Chonamara Láir	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ionad cúraim sláinte a sholáthraíonn pointe rochtana aonair ar sheirbhísí sláinte</li> <li>Rogha áitiúil eile ag an bpobal seachas dul isteach san ospidéal chun riochtaí amhail diaibéiteas, asma nó galar scamhóige toirmeascach ainsealach a bhainistiú.</li> <li>Ionad ilfhreastail le haghaidh príomhsheirbhísí ar nós Teiripe Urlabhra, Teanga agus Shaothair, Fiaclóir, Clinic Súl</li> <li>Rochtain ar na seirbhísí thuas as Gaeilge</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Idirchaidreamh a dhéanamh le FSS maidir le láithreáin fhéideartha agus plean forbartha</li> <li>Idirchaidreamh a dhéanamh le mic léinn/mic léinn ionchasacha atá páirteach i gclár scoláireachta Údarás na Gaeltachta le haghaidh oiliúna leighis chun spreagadh a thabhairt dóibh fillleadh</li> </ul>	FCL Teo. i gcomhar le FSS	Meántéarmach -Fadtéarmach

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
4	Saoráid spóirt shuaitheanta a fhorbairt a fheastalaíonn ar riachtanais éagsúla an phobail	<ul style="list-style-type: none"> <li>Saoráid spóirt pobail ina n-áireofar páirceanna, cúirt chispheile, rian reatha, leithris phoiblí, Caifé, seomraí cruinnithe srl. oscailte agus CLG Charna/Caiseal ag ceiliúradh céad bliain ar an bhfód</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Idirchaidreamh a dhéanamh le CLG maidir le forbairt na n-áiseanna spóirt ag an bpáirc do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2028</li> </ul>	CLG Carna Caiseal	Gearrthéarmach -Meántéarmach
5	Rannpháirtíocht mhéadaithe an daonra áitiúil le gníomhaíochtaí faoin aer mar chuid de chlár mhaireachtála shláintiúil	<ul style="list-style-type: none"> <li>Áiseanna caitheamh aimsire breise faoin aer forbartha m.sh. <ul style="list-style-type: none"> <li>Páirc Spraoi i Ros Muc</li> <li>Áiseanna atá ann cheana i Ros Muc uasghrádaithe</li> <li>Páirc Peile athfhorbartha ar an gCaiseal le rian reatha san áireamh</li> <li>Gníomhaíochtaí geotaiscthe</li> </ul> </li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí pobail áitiúla maidir le riachtanais shonracha</li> <li>Deiseanna maoinithe féideartha a aithint</li> <li>Grúpaí oibre a chruthú le pobail ábhartha chun forbairt a chur chun cinn</li> </ul>	FCL Teo., & Coistí Deonacha Áitiúla Gníomhacha	Gearrthéarmach -Meántéarmach

	<b>Moladh</b>	<b>Céard</b>	<b>Conas</b>	<b>Cé</b>	<b>Cathain</b>
6	Cill Chiaráin mar mhol lárnach uisce don cheantar i gcoitinne	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An ché i gCill Chiaráin athfhorbartha do thrácht iascaireachta, fóillíochta agus lastais</li> <li>• Gormbhealach cósta forbartha le Cill Chiaráin mar mhol</li> <li>• Cothabháil leanúnach ar chéibheanna eile níos lú ar fud an cheantair</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabhairt faoi staidéar féidearthachta chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cé Chill Chiaráin a athfhorbairt ar mhaithe leis an gceantar i gcoitinne</li> <li>• A chinntiú go gcoinnítear gach cé go dtí an leibhéal is airde sábháilteachta d'iascaireacht agus do lucht bainte feamainne</li> </ul>	Comhairle Contae na Gaillimhe	Meántéarmach-Fadtéarmach
7	Polasaithe forbartha áitiúla bunaithe ar shonraí feabhsaithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Mar gheall ar fhás an daonra áitiúil a mheas is féidir pleanáil fheabhsaithe a dhéanamh do sheirbhísí agus bonneag ar amach anseo</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Suirbhé a dhéanamh le teaghlaigh áitiúla gach trí bliana</li> <li>• Ailínigh le tacaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil baint acu le hobair den chineál céanna</li> </ul>	Pleanáil Teanga Chonamara Láir	Gearrtéarmach - Meántéarmach



Plean Gnóimhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir

## Cuspóir 6 | Oideachas & Oiliúint

*Ag Foghlaim Ceachtanna Domhanda  
chun Tionchar a dhéanamh ar  
Cheisteanna Áitiúla*



# Oideachas agus oiliúint – forbhreathnú

Is é an rud is tábhachtaí maidir le dul chun cinn gairme fadtéarmach ná bunús láidir in oiliúint agus oideachas agus tiomantas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil do gach aois. Tá an t-ádh le Conamara Láir go bhfuil iliomad gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ann a bhfuil sé mar ról acu cláir foghlama, uasoiliúna agus athsciliú a chruthú agus a sheachadadh don daonra áitiúil ar fud raon stíleanna seachadta éagsúla m.sh. i bpearsan, ar líne, in ionaid shonracha agus trí shaoráidí for-rochtana srl. D'aithin an taighde don phlean seo, áfach, gur féidir comhoibriú idir soláthraithe a bheith fo-optamach in amanna.

Agus tábhacht ríthábhachtach na n-acmhainní foghlama laistigh den phobal a thuiscint, is príomhthosaíocht don phlean seo tacú le comhtháthú agus cumarsáid níos fearr idir an raon soláthraithe oiliúna ar mhaithe le muintir na háite. Chinnteodh sé seo go mbeadh forbairt agus seachadadh oiliúna bunaithe ar roinnt foinsí m.sh. ionchur ó shaineolaithe earnála maidir le riachtanais uasoiliúna atá le teacht, ionchur ó bhaill an phobail áitiúil i dtéarmaí a réimse spéise chomh maith le deireadh a chur le dúbailt.

Tugadh ar aird freisin, cé gur léir go bhfuil éileamh ar oiliúint i réimsí ar leith, tá samplaí ann freisin ina gcuirtear cúrsaí ar fáil ach nach gláraíonn a ndóthain daoine chun páirt a ghlacadh iontu. Tá dhá ghné ag baint leis an dúshlán seo:

1. Tá sé riachtanach go dtuigeann baill an phobail luach agus tábhacht a rannpháirtíochta agus go dtugann siad tiomanas don oiliúint a chuirtear ar fáil
2. Tá sé riachtanach go gceadaíonn soláthraithe tréimhse ama ionas gur féidir le móiminteam agus rannpháirtíocht ar roinnt clár neartú, seachas iad a chur ar ceal mar gheall ar líon íseal ag an tús

Saincheist ríthábhachtach eile a ardaíodh le linn an chomhairliúcháin ba ea an tábhacht a bhaineann le scoileanna “a choinneáil beo” sa cheantar. Tá inní ann faoi líon na ndaltaí atá ag titim sna meánscoileanna, níos mó fianaise maidir le dídhaonrú, agus chuir go leor comhairlí in iúl go raibh siad buartha faoin tionchar a bheidh aige seo ar thodhchaí an cheantair sa deireadh thiar thall.

In ainneoin na ndúshlán seo, tá roinnt forbairtí bunathraithe i bhfeidhm ar na bacáin do Chonamara Láir agus cé go dtógfaidh sé roinnt blianta sula mbeidh siad críochnaithe, cruthóidh siad éileamh ar dheiseanna gairme ardoilte. Anois an t-am chun tús a chur le hullmhú do na héilimh scileanna sin trí oiliúint agus oideachas an lae inniu a ailíniú le riachtanais earnála amach anseo.

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
1	Rochtain éasca ar fhaisnéis faoin oiliúint agus oideachas ar fad atá ar fáil go háitiúil	<ul style="list-style-type: none"> <li>Stór lárnach a chomhordaíonn cláir oiliúna atá ar fáil trí gach gníomhaireacht</li> <li>Gan aon dúbailt ar chúrsaí oiliúna i mbailte éagsúla ar an lá céanna</li> <li>Bailiú sonraí neamhspleách do Ghaeltacht Chonamara agus Árann ar fad</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpa oibre a bhunú, le Cathaoirleach neamhspleách ina mbeidh oideachasóirí agus comhlachtaí oiliúna chun plean agus féilire a fhorbairt</li> </ul>	Pleanáil Teanga Chonamara Láir	Gearrtéarmach
2	Deiseanna forbartha gairme a chruthú do dhaoine óga chun iad a spreagadh chun fanacht ina gcónaí sa cheantar	<ul style="list-style-type: none"> <li>An deis ag gach duine óg an leibhéal cáilíochta is airde atá siad ag dréim leis a bhaint amach.</li> <li>Ionad oiliúna áitiúil a sholáthraíonn oiliúint i scileanna traidisiúnta agus i dteicneolaíochtaí nua</li> <li>Méadú ar líon na ndaoine óga a théann isteach i gceirdeanna traidisiúnta</li> <li>Comhairleoirí gairmthreorach cáilithe ar fáil do dhaltáí meánscoile na sraithe sinsearaí</li> <li>Deiseanna printíseachta do leanaí ag a bhfuil deacrachtaí foghlama acu</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ionad printíseachta deimhnithe a fhorbairt</li> <li>I gcomhpháirtíocht le hoideachasóirí agus leis an tionscal áitiúil, printíseachtaí trádála a fhorbairt chun deiseanna fostaíochta áitiúla a thaispeáint</li> <li>Clár fiontair shóisialta a bhaineann le turasóireacht a fhorbairt do lucht fágála scoile óga chun iontráil i ngairmeacha turasóireachta a spreagadh</li> </ul>	Údarás na Gaeltachta	Gearrtéarmach-Meántéarmach
3	Deiseanna feabhsaithe gairme a chruthú do dhaoine fásta	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rochtain ar oiliúint agus ar dheiseanna uasoiliúna do dhaoine fásta nach ndeachaigh i mbun oideachais fhoirmiúil roimhe seo</li> <li>Rochtain ar dheiseanna athoiliúna agus uasoiliúna do dhaoine fásta ar mian leo gairmeacha a athrú agus leas a bhaint as deiseanna nua agus forbairt fiontar nua atá ag teacht chun cinn sa cheantar</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>A chinntiú go bhfuil an pobal áitiúil ar an eolas faoi dheiseanna atá ag teacht chun cinn</li> <li>Riachtanais uasoiliúna a aithint i measc an daonra áitiúil</li> <li>Teagmháil le soláthraithe oiliúna agus oideachais chun cláir oiliúna ábhartha a sheachadadh</li> <li>Deiseanna a fhiosrú chun cúrsaí micridchreidmheachta teanga a fhorbairt leis an Acadamh</li> </ul>	Údarás na Gaeltachta	Gearrtéarmach-Meántéarmach

	Sprioc	Torthaí	Gníomhartha riachtanacha	Príomhghníomhairí	Uainiú
4	Cáil ar Chonamara Láir mar cheantar a bhfuil lucht oibre oilte cáilithe ann.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Uas-sciliú, cláir oiliúna agus cláir oideachais ailínithe le fás earnála sa cheantar</li> <li>Muinín ag fiontraihte agus infheisteoirí isteach a ngnóthaí a fhás go háitiúil toisc go bhfuil rochtain acu ar lucht saothair cáilithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rannpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla, gníomhaireachtaí forbartha réigiúnacha agus náisiúnta chun riachtanais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a aithint de réir forbairtí earnála m.sh. muirí, turasóireacht, foinsí in-athnuaite fuinnimh</li> <li>Idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe oiliúna chun clár a sheachadadh atá ar aon dul leis na riachtanais sin</li> <li>Feachtas promóisin leis an bpobal áitiúil chun iad a chur ar an eolas faoi dheiseanna uasoiliúna atá le teacht</li> <li>Cultúr uasoiliúna leanúnaí a spreagadh</li> </ul>	FCL, Údarás na Gaeltachta, Forum, gníomhaireachtaí stáit earnála (turasóireacht, agra, muirí srl.)	ST - MT
5.	Go gcuimseodh déagóirí a bpoitéinseal mar thionchairí	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuiscint níos fearr ag déagóirí ar luach na teanga, na hoidhreachta agus an chultúir</li> <li>Tuiscint ar an ról ollmhór is féidir leo a imirt maidir le hoidhreachta an cheantair sa todhchaí a chaomhnú</li> <li>Rannpháirtíocht agus ceannach isteach ag déagóirí i dtionscnaimh speisialta a bhfuil úinéireacht acu orthu a chruthú agus a sheachadadh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tógáil ar cheardlann le déanaí le scoláirí rang a cúig agus a sé chun iniúchadh níos mionsonraithe a dhéanamh ar a bhfuil uathu dá dtodhchaí</li> <li>Ceardlanna éascaithe le déagóirí chun a gcuid saincheistanna, dúshláin agus an áit a bhfeiceann siad deis athraithe a aithint</li> <li>Bunaithe ar thorthaí, cláir oiliúna agus oideachais spráúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</li> </ul>	FCL, Pleanáil Teanga Chonamara Láir, Muintearas – Clubanna Óige, Scoileanna, Comhairle Contae na Gaillimhe agus seirbhísí tacaíochta stáit eile atá ailínithe le tionscnaimh shonracha	ST, MT agus LT

# Cuspóir 7 | Margaíocht

Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir



 **FECHTAS MEÁN SÓISIALTA NA BLIANA**  
#ConamaraLáir - Pleanáil Teanga, Conamara Láir

## Margaíocht – forbheathnú

Agus feachtas cumarsáide margaíochta á fhorbairt, is pointe tosaigh lárnach é tuiscint a fháil ar cé hiad an lucht féachana. Mar áit mhór ó thaobh na Gaeilge, an chultúir agus na hoidhreachta traidisiúnta, tá roinnt spriocphobal ag Conamara Láir nach mór don cheantar labhairt leo.

1. Don spriocphobal daoine atá ina gcónaí sa cheantar cheana féin, is féidir le cumarsáid mhargaíochta tábhacht agus tairbhí na teanga agus an chultúir a chur chun cinn chomh maith leis an ról riachtanach is féidir agus ar chóir do gach duine a imirt ina gcaomhnú. Ba cheart do chumarsáid mhargaíochta áitiúil faisnéis a chur ar fáil do mhuintir na háite freisin faoi gach rud atá ar siúl sa cheantar, pleananna don todhchaí (mar atá leagtha amach sa doiciméad seo) agus conas is féidir le daoine páirt a ghlacadh i gcáil ghairmiúil nó dheonach.
2. Don spriocphobal daoine a bhfuil suim acu athlonnú go dtí an ceantar, tá go leor le rá ag Conamara Láir ó thaobh nuacht dhearfach faoin todhchaí. In 2021, sheol FCL Teo. an feachtas “Filleadh Abhaile” ag cur béime ar cháilíocht na beatha agus ar na deiseanna atá ar fáil do dhaoine, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí i gConamara Láir agus tugadh spreagadh do dhaoine teacht chun cónaí nó oibriú sa cheantar. Thar thréimhse an phlean gníomhaíochta cúig bliana seo, cuirfear an feachtas “Filleadh Abhaile” ar siúl gach bliain.
3. Maidir le lucht déanta beartas agus cinntí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, tá sé riachtanach an teachtaireacht an-soiléir a chur in iúl go bhfuil Conamara Láir láidir ó thaobh na teanga, na hoidhreachta agus an chultúir de, ach tá an seasamh sin faoi bhagairt. Is féidir scéalta faoi na glúnta atá á gcailleadh mar gheall ar thithíocht neamhleor, bonneagar neamhleor agus easpa infheistíochta a chomhrac le teachtaireachtaí uailmhéine agus deiseanna atá le baint amach go fóill.

Tá tionchar na cumarsáide cuí le spriocphobail cruthaithe le blianta fada anuas, ach teastaíonn am, airgead agus saineolas uaidh. Chuige sin, lorgaíonn FCL Teo. oifigeach margaíochta agus cumarsáide ar féidir leis/léi a chinntiú go mbainfidh Conamara Láir a chuid aidhmeanna amach agus gur féidir leis cabhrú le go leor de na torthaí inmhianaithe atá leagtha amach sa phlean gníomhaíochta seo.

	Moladh	Céard	Conas	Cé	Cathain
1	Conamara Láir ar an glár oibre do lucht déanta beartas Náisiúnta agus réigiúnach.	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Rialtas ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ar an eolas faoi na dúshláin agus na deiseanna sa cheantar agus faoi na réitigh phraiticiúla ar féidir leo difríocht a dhéanamh</li> <li>Tuigtear an nasc idir an dídhaonrú agus cailliúint teanga, cultúir agus oidhreacht.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean cumarsáide a fhorbairt chun díriú go sonrach ar lucht déanta beartas agus cinnteoireachta</li> <li>Aird a dhíriú ar thionchar na hinfheistíochta sa teanga ar lámh amháin agus ar an easpa infheistíochta i mbonneagar, i seirbhísí agus i dtithíocht ar an lámh eile</li> </ul>	Údarás na Gaeltachta	Gearrtéarmach
2	Próifíl náisiúnta ag Conamara Láir mar áit inar mian le daoine cónaí inti, obair inti agus saoire a chaitheamh inti.	<ul style="list-style-type: none"> <li>An feachtas Filleadh Abhaile a dhéanamh gach bliain agus clúdach a fháil sna meáin chumarsáide náisiúnta agus réigiúnach.</li> <li>Tairseach a threoraíonn daoine ar spéis leo fillleadh / athlonnú, chuig tacaíochtaí ábhartha m.sh. poist, tithíoch, sláinte, oideachais, fóillíocht</li> <li>Chomh maith leis na dea-scéalta nuachta, cuirtear spriocphobail ar an eolas faoi na dúshláin atá roimh thodhchaí an cheantair agus na réitigh atá beartaithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Maoiniú a fháil chun an feachtas a chur i bhfeidhm arís</li> <li>Oifigeach margaíochta agus cumarsáide a cheapadh</li> <li>Plean cumarsáide spriocdhírthe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm – teachtaireachtaí éagsúla do luchtanna féachana éagsúla</li> <li>Gníomhaíocht leanúnach sna meáin dhigiteacha agus thraidisiúnta</li> <li>Bunachar sonraí a fhorbairt de dhaoine ar mian leo fillleadh</li> <li>Suirbhé lenár Diaspóra agus leo siúd sa bhunachar sonraí thuas chun a gcuid riachtanas a thuiscint (nasc le Scoil Phobal Charna/50 bliain)</li> </ul>	FCL Teo.	Gearrtéarmach - Meántéarmach
3	Leibhéil arda feasachta ar bhranda Chonamara Láir	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuiscint shoiléir i measc an lucht spéise ábhartha go léir faoi Chonamara Láir, a threolaíocht, a gnéithe uathúla díolacháin i gcoibhneas le codanna eile de Chonamara, agus a uaimhianta.</li> <li>Úsáideann gach eagraíocht phoiblí, phríobháideach agus pobail lógó agus brandáil Chonamara Láir mar chuid dá gcumarsáid féin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foireann uirlisí branda Chonamara Láir a ullmhú le go mbeidh a fhios ag páirtithe leasmhara áitiúla conas is féidir leo dul i gcomhar leis an mbranda</li> <li>Suíomh idirlín Chonamara Láir a fhorbairt tuilleadh agus a chinntiú go ndéantar é a nuashonrú go rialta</li> <li>Páirtithe leasmhara áitiúla ag glacadh gach deis dul i gcomhar leis an mbranda ar na meáin shóisialta</li> <li>Earcaíocht oibríthe deonacha a spreagadh thar gach gné den phlean</li> </ul>	Pleanáil Teanga Chonamara Láir	Gearrtéarmach - Meántéarmach
4	Próifíl FCL Teo. ardaithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuiscint shoiléir i measc lucht spéise cuí ar FCL Teo., a ról sa phobal, a chuid oibre agus éachtaí, agus cad atá lasmuigh dá shainchúram.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean cumarsáide leanúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le teachtaireachtaí éagsúla dírithe ar lucht spéise éagsúla</li> </ul>	FCL Teo.	Gearrtéarmach

## Ráiteas deiridh

Mar a tugadh ar aird le linn an phlean seo, tá Conamara Láir faoi réir go leor forbairtí nua; cleachtais oibre nua, teicneolaíochtaí nua, bonneagar nua, a mbeidh tionchar bunathraitheach acu go léir ar an gceantar.

Tá an éabhlóid seo i dtreo an rud *nua* i gcodarsnacht leis an rud *ársa* - traidisiúin arsa, cultúr ársa, teanga ársa agus daoine atá thar a bheith bródúil as an ról uathúil atá acu an rud ársa a nascadh leis an rud nua.

Cé gur lárionad daonra réasúnta beag é faoi láthair, is lárionad é atá thar a bheith tábhachtach ó thaobh neart na Gaeilge, na hoidhreachta agus an chultúir thraidisiúnta. Spreagfaidh na forbairtí nua fás daonra agus táimid muiníneach gur féidir linn, trí infheistíocht a dhéanamh go hinbhuanaithe anois i ndaonra níos lú, a bheith ag súil le fás níos láidre sa chultúr traidisiúnta thar lárionad daonra níos éagsúla agus níos mó sna blianta amach romhainn .

Mura gcothaímid an “saibhreas” sin a bhfuil cáil ar Chonamara Láir ina leith, beidh croílár ár bhféiniúlachta náisiúnta doshamhlaithe.

Mar a thug sainchomhairleoir amháin ar aird don phlean seo:

***“Tá sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag tacú leis na ceantair Ghaeltachta is láidre, seachas a bheith ag iarraidh áiteanna eile a athmhúscailt nuair atá an teanga beagnach imithe.”***

# Aguisín1: Páirtithe leasmhara a chuir leis an bplean gníomhaíochta seo – agallaimh le heagraíochtaí

- Angela Ní Thuathail, Muintearas Teo., Clubanna Óige
- Beartla Ó Flatharta, Ealaíon na Gaeltachta
- Bríd Ní Thaibhís, BETI & GRETB, Breisoideachas
- Ciarán Murphy, Irish Sailing
- Dominic Ó Moráin, CAITN, Turasóireacht
- Éamon Ó hÉanaigh, Údarás na Gaeltachta An tAonad Forbartha Pobail
- Karen Mannion, FORUM CONNEMARA CLG, Scéimeanna Pobail & Forbairt Pobail
- Máire Bríd Breathnach, Acadamh na hOllscoile - Oideachas
- Máire Ní Éinniú, Údarás na Gaeltachta, Rannóg Fiontraíocht agus Fostaíocht
- Máirín Ní Choisdealbha-Seoige, Bainisteoir Forbairt Chonamara Láir Teo.
- Mary Mullen, GALWAY COUNTY PPN
- Micheál Mac Donnachadha, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe – Galway Rural Development - Scéimeanna Pobail & Forbairt Pobail
- An Dr. Orla Nic Suibhne, SEAI, Fuinnimh Glas
- Ray MacPháidín, CNNG Teo, Ionad Cúram Leanaí
- Sorcha Ní Chéilleachair Tuismitheoirí na Gaeltachta, Tuismitheoirí & Páistí




## Páirtithe leasmhara a chuir leis an bplean gníomhaíochta – Cruinnithe Poiblí

- Áine Uí Cheannabháin, Aill na Brún
- Anne Uí Dhonnacha, Camus Íochtair, Casla
- Bernard Ó Laoi, Tamhnach Bán, An Caiseal
- Breandán Ó Conamha, Gleann Chatha
- Breandán Ó Máille, Sraith Salach
- Brendán Seoige, Sraith Salach
- Briocán Bairéad, Ros Dubh, Ros Muc
- Caitlín Uí Shúilleabháin, Doire Iorras Ros Muc
- Colm Ó Mainín, Ros Muc
- Colm Ó Neasa, Coill Sáile
- Diarmaid Ó Mainín, Cill Bhriocáin
- Eamon Ó Niadh, Sraith Salach
- Eibhlín Bairéad, Ros Dubh, Ros Muc
- Emily Uí Mhainín, Cill Bhriocáin
- Erin Ní Ghiobiún, Leitir Ard
- Fiona Ní Fhlaithearta, Camus
- Gearóid Seoige, Sraith Salach
- Gladys Uí Niaidh, Leithneach, An Caiseal
- Lisa Clarke, An Caoráin Beag, Ros Muc
- Máire Seoige, Úraid, Sraith Salach
- Máire Uí Ghiobúin, Camus
- Mairéad Uí Dhomhnaill, Maíros
- Máirtín Ó Catháin
- Meadhb Ní Ghaora, Carna
- Michael Ó Dúnaird, Coill Sáile
- Nolaigh Seoighe, Catlár Sraith Salach
- Seán Ó Mainín, Úraid, Sraith Salach
- Seán Seoighe, Srath Saile, Caiseal
- Seosaimh Ó Giobúin, Camus
- Tarlach Seoige, Sraith Salach
- Tomas Ó hAllmhuráin, Cill Chiaráin
- Úna Bhreathnach, Glinnsce
- Vivienne Ní Niaidh, Leitheanach, An Caiseal

## Aguisín 2: Doiciméid athbhreithnithe

- Plean Infheistíochta don Ghaeilge & don Ghaeltacht 2024-2029
  - Tuarascáil Scoileanna & Pobal Iorras Aithneach ‘Ag Tógail ar án nOidhreacht agus ag Cruthú na Todhchaí le Chéile’
  - Forbairt Chonamara Láir Pobail Fuinnimh Inmharthana Máistirphlean Fuinnimh
  - Plean Teanga Chonamara Láir
  - Plean Gníomhaíochta Forbartha 5 Bliana d’Iorras Aithneach
  - Údarás na Gaeltachta, Plean Straitéiseach 2021–2025
  - Plean Forbartha Eispéireas Cuirteoirí Chósta agus Oileáin Chonamara
  - Scoileanna & Pobal Iorras Aithneach
  - ‘Ag Tógail ar án nOidhreacht agus ag Cruthú na Todhchaí le Chéile’ – (Dréacht)
- 
- Suirbhé ar líne le 120 freagróir. Nótáiltear buaicphointí an tsuirbhé ar fud an doiciméid seo sna codanna ábhartha. Cuirtear torthaí iomlána i láthair mar aguisín ar leith.

# Páirtithe leasmhara a chuir leis an bplean gníomhaíochta – Coistí, Grúpaí & Eagraíochtaí



Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir

# Páirtithe leasmhara a chuir leis an bplean gníomhaíochta – Coistí, Grúpaí & Eagraíochtaí



Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir

# Plean Gníomhaíochta 5 bliana do Chonamara Láir 2023 - 2028

*Forbairt Chonamara Láir (FCL Teo.)*



**Márta 2023**

**Ullmhaithe ag | Forbairt Chonamara Láir Teo.**

**Le haghaidh | Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Chonamara Láir Teo.,**

**Scríbhneoir Ceannais | Bane Mullarkey, Comhairleoir**

**© | Údarás na Gaeltachta/Forbairt Chonamara Láir Teo.,**

**Plean Gníomhaíochta 5 Bliana do Chonamara Láir**